| | |
|---|---|
| Post | **Oifigeach Riaracháin Deontas (OF)** |
| Conradh | **Lánaimseartha; Tréimhse Éiginnte** |
| Grúpa Seirbhíse | **Seirbhísí Corparáide** |
| Láthair | **Ceannoifig BIM, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath nó Oifigí Réigiúnacha BIM (obair hibrideach faoi réir comhaontú)** |

Cur síos gairid ar BIM:

Is comhlacht leathstáit neamhthráchtála é BIM a bunaíodh go foirmiúil faoi reacht (An tAcht Iascaigh Mhara, 1952). Is gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Is gníomhaireacht de chuid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara agus de chuid líonra Ranna Rialtais eile, gníomhaireachtaí leathstáit, páirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta mara é Bord Iascaigh Mhara (BIM).

Tá cúig aonad gnó san eagraíocht: Seirbhísí Teicniúla Bia Mara, Seirbhísí Forbartha Scileanna, Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Forbartha agus Nuálaíochta, Seirbhísí Eacnamaíochta agus Straitéiseacha, agus tacaíonn Cumarsáid Chorparáideach leo sin. Is i nDún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath atá Ceannoifig BIM lonnaithe. Chun tacú leis an earnáil Bia Mara, tá foireann BIM lonnaithe go straitéiseach sna pobail cois cósta a mbíonn siad ag freastal orthu, agus oifigí i nGaillimh agus sna Cealla Beaga san áireamh. Chomh maith leis sin tá dhá choláiste oiliúna BIM lonnaithe sa Chaisleán Nua, Co. Dhún na nGall agus i mBaile Chaisleáin Bhéarra, Co. Chorcaí. Ar deireadh, tá SIH (Mol Nuálaíochta Bia Mara) BIM lonnaithe i gCloch na Coillte, Co. Chorcaí áit a dtacaíonn sé le nuálaíocht agus le hinbhuanaitheacht i dtionscal bia mara na hÉireann.

Tá sé d'aidhm ag straitéis BIM feabhas a chur ar iomaíochas earnáil bia mara na hÉireann trí dhíriú ar na cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha seo a leanas:

- Ceannaireacht a threorú agus a chothú
- Torthaí a bhaint amach le réitigh a chuireann athrú i bhfeidhm
- Infheistíocht a dhéanamh le haghaidh fás fadtéarmach
- Ár gcomhshaol agus ár n-earnáil a chosaint

**Ár Misean**
Tacú le luach a mhéadú maidir le hearnáil inbhuanaithe bia mara na hÉireann, ar fud an tslabhra soláthair, ó ghabháil go dtí an tomhaltóir, agus sin a éascú.

**Ár bhFís**
Rachaimid i gcomhar le hearnáil bia mara na hÉireann ar gach bealach is féidir, le hintinn agus le práinn, chun na hathruithe is gá a aithint agus a bhrú chun cinn chun a chinntiú go mbeidh todhchaí inbhuanaithe ann.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an méid atá thuas, lean an nasc: https://bim.ie/publications/corporate-strategy/

## Cur síos ar an nGrúpa Seirbhíse cuí:

**Seirbhísí Corparáide**
Cuireann Seirbhísí Corparáide tacaíocht, pleanáil agus riarachán a bhaineann le cúrsaí Airgeadais, TFC, Soláthar, Seirbhísí Flít, Seirbhísí Infheistíochta agus gréasán Ice Plant ar fáil laistigh de BIM.

## Achoimre ar an Ról:

Oibreoidh an tOifigeach Feidhmiúcháin (OF) laistigh den fhoireann Seirbhísí Infheistíochta sna Seirbhísí Corparáideacha chun scéimeanna cúnaimh deontais BIM a riar.

Beidh an té a bheidh sa ról seo freagrach as a chinntiú go ndéantar iarratais ar dheontais a phróiseáil agus a riar go héifeachtúil agus go tráthúil tríd an gCóras Bainistíochta Leictreonaí Deontais Sholúbtha ("GEMS") ón tráth a gcuirtear isteach iad go dtí go n-íoctar iad. Ní mór é seo a dhéanamh de réir rialacha na scéimeanna aonair le béim ar rialachas corparáideach den scoth a choinneáil sa phróiseas.

## Cúlra leis an Riachtanas:

Gníomhaireacht de chuid Stát na hÉireann é BIM atá freagrach as tionscal bia mara na hÉireann a fhorbairt. Tacaíonn sé le pobail agus tionscal bia mara na hÉireann lena chinntiú go n-úsáidtear acmhainní uisceacha agus muirí ar bhealach inbhuanaithe.

Is é riachtanas de chuid an róil seo oibriú mar chuid den fhoireann deontas comhtháite i riaradh scéimeanna éagsúla cúnaimh deontais ar Chóras Bainistíochta Leictreonaí Deontas (GEMS) BIM. Beidh ar an iarratasóir a n-éireoidh leis/léi a bheith i gceannas agus deontais a riar de réir mar is gá agus táthar ag súil go gcuirfidh sé le cultúr leanúnach feabhais laistigh den fhoireann.

## Príomhthascanna:

- Iarratais ar dheontais a phróiseáil ón iarratas go dtí íocaíocht, ag cloí le próiseas, rialacha agus treoirlínte na scéime.
- Iniúchadh agus rianú comhlíonta éifeachtach chun tacú le hiarratais.
- Oibriú go héifeachtach trí úsáid a bhaint as córas GEMS agus aon chóras eile atá ábhartha do phróiseáil agus tuairisciú deontas.
- Monatóireacht agus tuairisciú a dhéanamh ar stádas na scéime deontais ábhartha via GEMS.
- Cúnamh / soiléiriú atá dírithe ar an gcustaiméir a thabhairt d'iarratasóirí ar dheontais maidir leis na scéimeanna deontais ábhartha.
- Oiliúint a chur ar úsáideoirí nua maidir le córais riaracháin deontas BIM.
- Oibriú go héifeachtach le páirtithe leasmhara agus páirtnéirí straitéiseacha de réir mar a bhaineann siad le próiseáil deontas.
- Tuarascálacha mionsonraithe a chruthú agus a phróiseáil ar na scéimeanna deontais ábhartha.
- Idirchaidreamh a dhéanamh le húsáideoirí GEMS chun aon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn a réiteach.
- Freastal ar chruinnithe foirne agus cruinnithe ábhartha eile de réir mar is gá.
- Beidh ag obair leis na feidhmchláir bogearraí seo a leanas mar chuid den ról:
    - Flexi-grant (GEMS) mar aon le Smart Simple amach anseo.
    - Microsoft Office 365
    - Word, Excel, Teams
    - SharePoint
    - Power BI
    - Dynamics 365.

**Dualgais Eile**

- Dualgais ghaolmhara ar bith eile a d'fhéadfaí a éileamh de réir mar is réasúnach agus a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh.

## Struchtúr Tuairiscithe:

Riarthóir Feidhmiúcháin Deontas/Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta.

## Teagmhálaithe:

**Laistigh de BIM**
An Bainisteoir Seirbhísí Infheistíochta, an Stiúrthóir Seirbhísí Corparáide, na Riarthóirí Deontais, foireann BIM atá freagrach as forbairt agus cur i bhfeidhm deontais.

**Lasmuigh de BIM**
RTBM, deontaithe.

**Oiliúint**
Níl aon riachtanais oiliúna éigeantach don ról seo.
Déanfar riachtanais oiliúna a aithint tríd an gCóras Bainistithe Feidhmiúcháin atá againn.

## Cáilíochtaí Oideachais, Gairmiúla nó Teicniúla, Eolas, Scileanna, Inniúlachtaí, Taithí agus Oiliúint

## Riachtanach:

- Cáilíocht ábhartha tríú leibhéal i dTeicneolaíocht Faisnéise, Gnó, Cuntasaíocht, Airgeadas nó a gcomhionann ábhartha.
- Taithí ar bheith ag obair le MS Suite, Office 365, Word, Excel, Power Point, agus ábalta sin a léiriú.
- Sárscileanna idirphearsanta agus ábalta oibriú le cliaint agus páirtithe leasmhara agus cumarsáid éifeachtach a dhéanamh leo.
- Scileanna éifeachtúla eagrúcháin agus riaracháin.
- Dea-bhainistiú ama agus an cumas nithe a chur in ord tosaíochta agus spriocanna a bhaint amach.
- An cumas oibriú gan mhaoirsiú agus mar dhuine den fhoireann.
- Sárscileanna maithe cumarsáide sa scríobh agus ó bhéal chomh maith le scileanna éifeachtacha uimhearthachta.

## Inmhianaithe:

- Eolas ar chórais bainistithe deontais
- Taithí ar Power BI agus Dynamics 365.

## Tréithe pearsanta speisialta atá de dhíth don phost:

- Fuinniúil agus iontaofa
- Ábalta oibriú ar bhealach eagraithe agus dul chun cinn a dhéanamh i do chuid oibre as do stuaim féin.
- Ábalta oibriú asat féin agus a bheith ábalta oibriú mar chuid d'fhoireann ag an am céanna.
- Taithí ar bheith ag obair i gcomhar leis an bhfoireann theicniúil.
- Ábalta oibriú go stuama chun fadhbanna le páirtithe leasmhara a réiteach.

## Tuarastal:

Ag grád Príomhoifigeach Feidhmiúcháin a bheidh an luach saothair i gcomhréir le Scála Tuarastail ceadaithe na Roinne Airgeadais don Earnáil Phoiblí, le raon tuarastail €33,812 - €56,127 (amhail an 1 Márta 2023) in aghaidh na bliana pro-rata i ndáil leis an am a bheidh oibrithe.

Ag an gcéad phointe iontrála ar an scála thuasluaite, de réir beartas Rialtais agus/nó treoirlínte iomchuí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) a cheapfar an t-iarratasóir a n-éireoidh leis. Déanfar ball den Scéim Pinsin Seirbhíse Poiblí Aonair díot mura bhfuil tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí i láthair na huaire (nó mura raibh tú i do bhall de scéim pinsin earnála poiblí le sé mhí anuas). Tá Scéim Tuarastail agus Pinsin faoi réir ag gnásanna faofa earnála poiblí agus glacann cuntas ar sheirbhís le déanaí san earnáil phoiblí ag teacht le himlitreacha agus rialacha ábhartha.

## Saoire Bhliantúil:

Is é 23 lá oibre in aghaidh na bliana pro-rata chun an t-am a oibríodh a léiriú an teidlíocht saoire bliantúla atá ag gabháil leis an ról seo. Níl Laethanta Saoire Poiblí san áireamh i dteidlíochtaí saoire bliantúla. Ní mór gach lá saoire a bheith ceadaithe roimh ré ag do bhainisteoir nó ag a n-ionadaí údaraithe i gcomhréir le polasaithe saoire BIM.

## Fad an Chonartha:

Cuirfear conradh fostaíochta Tréimhse Éiginnte ar fáil le cead ó BIM faoi réir léiriú sásúil ar an leibhéal atá ag teastáil agus an tréimhse phromhaidh atá ag teastáil a chur i gcrích. Cuirfidh an t-iarratasóir a n-éireoidh leis tréimhse phromhaidh isteach le linn na chéad sé mhí.

## An Bealach le hiarratas a dhéanamh:

Ba chóir C.V. iomlán chomh maith le litir iarratais agus a Foirm Iarratais Folúntais BIM chomhlánaithe ina ndéantar cur síos ar thaithí agus scileanna a bhaineann leis an bpost, a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie nó a sheoladh sa phost chuig Rannóg Acmhainní Daonna BIM, Bóthar Crofton, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Is é 5 p.m. an 14 Lúnasa 2023 an dáta deiridh a nglacfar le hIarratais.**

Tabhair ar aird go bhféadfadh níos mó ná céim agallaimh amháin a bheith i gceist leis an bpróiseas earcaíochta don ról seo agus go bhféadfadh BIM iarraidh ar na hiarratasóirí a roghnaítear cur i láthair gearr a dhéanamh ar ábhar a bheidh roghnaithe roimh ré ag céim an agallaimh dheiridh. Tabhair ar aird nach nglacfar le hiarratais a bheidh déanach.

Ba cheart aon cheist maidir leis an ról seo a sheoladh ar ríomhphost chuig jobs@bim.ie.

**Úsáid Sonraí** - Ní bhainfear úsáid as na sonraí pearsanta ná an fhaisnéis go léir a chuirtear ar aghaidh leis an iarratas seo ach chun críoch an fheachtais sin agus don fheachtas sin amháin, agus déanfar na sonraí agus an fhaisnéis a scriosadh ansin i gcomhréir le Polasaí an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an sceideal coinneála sonraí atá againn.

Caithfear le gach faisnéis go huile agus go hiomlán faoi rún agus ní bheidh rochtain ar an bhfaisnéis sin ach ag na daoine sin a bhfuil baint dhíreach acu leis an bhfeachtas.

***Is fostóir comhdheiseanna é Bord Iascaigh Mhara***